



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2021
(OR. en)

9271/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0135(NLE)**

PECHE 173

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Meitheamh 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 280 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 280 final.

Faoi iamh: COM(2021) 280 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 2.6.2021
COM(2021) 280 final

2021/0135 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Rialachán (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais Eorpaigh agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Leasaítear na deiseanna iascaireachta sin roinnt uaireanta, de ghnáth, le linn na tréimhse ina mbíonn feidhm acu.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na bearta atá beartaithe, ceapadh iad i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na bearta atá beartaithe, tá siad comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

Oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha, eascraíonn siad as na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta mar gur beartas coiteann é CBI. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa togra an t-aiseolas ó na páirtithe leasmhara, ó Chomhairlí Comhairleacha, ó na riaracháin náisiúnta, ó eagraíochtaí iascairí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES).

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) den Chonradh teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ag an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, féachtar le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle a mhodhnú mar a thuairiscítear thíos.

An salán in Kattegat/Skagerrak, sa Mhuir Ioruach agus sa Mhuir Thuaidh

Is speiceas gearrshaolach é an salán (*Sprattus sprattus*), agus dá bhrí sin ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú gan mhoill tar éis fhoilsiú na comhairle ó ICES ionas go bhféadfar tosú ar an iascaireacht. Toisc go meastar gurb é an stoc bitheolaíoch amháin iad, ó bhí mí Aibreáin 2019 ann eisíonn ICES aon phíosa comhairle amháin maidir le salán i roinn 3a ICES (Kattegat/Skagerrak) ar thaobh amháin, agus maidir le salán i roinn 2a ICES (an Mhuir Ioruach) agus i bhfolimistéar 4 ICES (an Mhuir Thuaidh) ar an taobh eile, toisc go meastar gurb é an stoc bitheolaíoch amháin iad, cé go leantar de bhainistiú an stoic sin a dheighilt ina dhá limistéar bainistíochta. D'fhoilsigh ICES a chomhairle eolaíoch bhliantúil maidir leis an stoc an 13 Aibreán 2021, agus cuirfear tús leis an iascach an 1 Iúil 2021. De réir na comhairle sin, níor cheart na gabhálacha iomlána salán a bheith níos mó ná 106 715 thona le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí mí an Mheithimh 2022 sna limistéir lena mbaineann. I Rialachán 2021/92 ón gComhairle, socraítear ag nialas teorainneacha na gabhála iomláine incheadaithe (TAC) sa dá limistéar bainistíochta le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022. Dá bhrí sin, ba cheart na gabhálacha salán sna limistéir bhainistíochta sin a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES, tar éis na gcomhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua.

Ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10

An TAC le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de chuid roinn 34.1.1 an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir

(CECAF) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022, socraíodh é ag nialas, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch le haghaidh na tréimhse sin. Ní eiseoidh ICES a chomhairle le haghaidh an stoic sin go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. Chun a áirithiú go bhféadfar leanúint de ghníomhaíocht iascaireachta go dtí go socrófar an TAC ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí, ba cheart TAC sealadach 5 744 thona, arna bhunú ar na gabhálacha sa tríú ráithe de 2020, a bhunú. Leasófar an TAC an uair sin, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch ó ICES.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle¹ socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.
- (2) I Rialachán (AE) 2021/92, socraíodh ag nialas an ghabháil iomlán incheadaithe ('TAC') le haghaidh salán i roinn 3a ICES (Kattegat/Skagerrak), i roinn 2a ICES (an Mhuir Iorua) agus i bhfolimistéar 4 ICES (an Mhuir Thuaidh), go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle eolaíoch ábhartha arna soláthar ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('ICES'). Cuireadh ar fáil an 13 Aibreán 2021 an chomhairle is déanaí ó ICES maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe. De réir na comhairle sin ó ICES, níor cheart gabhálacha iomlána salán a bheith níos mó ná 106 715 thona le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 sna limistéir lena mbaineann. Is speiceas é an salán a bhfuil saolré ghearr aige agus dá bhrí sin tosaítear ar a iascach an 1 Iúil go gairid i ndiaidh fhoilsiú na comhairle eolaíche. Ba cheart, dá bhrí sin, na teorainneacha gabhála atá infheidhme faoi láthair maidir leis an salán i roinn 3a ICES agus i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a oiriúnú i gcomhréir leis an gcomhairle sin ó ICES, agus tar éis na gcomhairliúchán leis an Iorua agus leis an Ríocht Aontaithe, comhairliúcháin atá ar feitheamh.
- (3) Le Rialachán (AE) 2021/92 socraítear ag nialas TAC ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de chuid roinn 34.1.1 an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch le haghaidh na tréimhse sin. Eiseoidh ICES a chomhairle le haghaidh an stoic sin ag deireadh mhí an Mheithimh 2021. Chun a áirithiú go bhféadfar leanúint de

¹ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

ghníomhaíocht iascaireachta go dtí go socrófar an TAC ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí, ba cheart TAC sealadach 5 744 thona, arna bhunú ar na gabhálacha sa tríú ráithe de 2020, a bhunú.

- (4) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe i bhfianaise a phráinní atá sé tús a chur leis an séasúr iascaireachta le haghaidh salán agus ainseabhaithe in am, an 1 Iúil 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2021/92

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*